

# Irish-specific Annex

---

Tagraíonn an t-eolas seo a leanas do na príomhréimsí in IATE agus leagtar amach treoir ann maidir le tagairtí in IATE i gcoitinne.

## Leibhéal: *Language Level*

### Réimse: *Definition*

Ní ceart alt tosaigh, ceannlitir tosaigh, príomhbhriathar ná lánstad a bheith i sainmhíniú. Is ceart frása an tsainmhíniú a scríobh de réir na roinne cainte atá sa téarma (frása ainmfhoclach i gcás ainmfhocail, frása briathartha i gcás briathair, etc.).

Samplaí:

‘comhar feabhsaithe’ – comhar a fhéadtar a bhunú idir Ballstáit éagsúla faoi chuimsiú inniúlachtaí neamheisiacha an Aontais [Airteagal 20 CAE];

‘forfheidhmiú íocaíochta’ – a áirithiú go gcuirtear faoi deara íocaíocht a dhéanamh.

Ní mór an sainmhíniú a bheith ag cloí le bunbhrí an choincheapa. Is sa réimse *Note* is ceart eolas breise a chur nuair is eolas é a chuideodh leis an úsáideoir an coincheap a thuiscint ach nach sainmhíniú é.

Sampla:

I gcás an choincheapa ‘Dáil Éireann’, thabharfaí ‘teach na n-ionadaithe in Oireachtas Éireann’ mar shainmhíniú air ach is sa réimse *Note* a chuirfí eolas tánaisteach ar nós líon na dTeachtaí Dála sa Dáil. Ná soláthair eolas gearrshaolach, mar shampla, ainm an duine atá i bpost áirithe faoi láthair. Tabhair sainmhíniú ar an bpost féin agus air sin amháin.

Ní mór idirdhealú a dhéanamh sa sainmhíniú idir an coincheap féin agus coincheapa gaolmhara. Ní leor ‘crann duillsilteach’ mar shainmhíniú ar ‘dair’, toisc nach leor sin chun í a idirdhealú ó ‘beith’ nó ‘fuinseog’.

Sa chás gurb í brí an téarma mar atá sé á úsáid i ngníomh reachtach de chuid an Aontais Eorpaigh is ábhar don iontráil in IATE, is féidir sainmhíniú a thógáil go díreach as an ngníomh reachtach sin, má tá sé feiliúnach. Bí cúramach áfach i gcás téarmaí ginearálta, mar is minic ciall níos cúinge le sainmhíniú in ionstraim áirithe ná mar a bhíonn leis an téarma mar a thuigtear i gcoitinne é nó mar a úsáidtear é i gcomhthéacsanna eile.

Sampla:

‘ciallaíonn ‘soláthróir’ an monaróir nó ionadaí údaraithe an mhonaróra *laistigh den Chomhphobal*, nó an t-allmhaireoir’. (Rialachán (AE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle). Tá brí níos leithne le ‘soláthróir’ nuair a úsáidtear é i gcomhthéacs eile, agus dá bhrí sin ní ceart ‘laistigh den Chomhphobal’ a bheith sa sainmhíniú sin don téarma ‘soláthróir’ ina chiall ghinearálta. Bíodh iontráil amháin ann don choincheap ginearálta agus, más gá sin, iontráil ar leith do gach coincheap sainiúil ina dhiaidh sin. (Féach thíos.)

I gcásanna áirithe de choincheapa ginearálta, ní shainmhíníonn an ionstraim an coincheap bunaidh ar chor ar bith, níl ann ach go gcúngaíonn sé brí an téarma go dtí raon feidhme na hionstraime. I gcásanna mar sin, is fearr sainmhíniú níos leithne a úsáid ó fhoinsé iontaofa. Más iomchuí, d’fhéadfaí tagairt a dhéanamh don sainmhíniú reachtúil i nóta nó d’fhéadfaí é a thabhairt mar athfhríotal sa réimse *Context*.

Tarlaíonn a leithéid seo i gcás foinsí eile chomh maith, cuir i gcás cáipéisí a bhaineann go dlúth le foras nó eagrais áirithe. Moltar sainmhínithe atá róchúng a sheachaint agus cinn níos ginearálta a lorg nuair is féidir ach amháin nuair is í an bhrí chúng is ábhar don iontráil.

Sampla:

Is téarma ginearálta ‘príomhfheidhmeannach’, ach d’fhéadfadh sé gur ‘ard-cheannaire’ nó ‘ceannasaí’ a bheadh in úsáid ag eagraíochtaí ar leith. Sa chás sin, d’fhéadfaí iontrálacha ar leith a dhéanamh do na téarmaí éagsúla sin, agus an t-eolas breise cuí a chur leo lena n-úsáid a bheachtú.

Bí san airdeall chomh maith ar shainmhínithe atá teoranta do thíortha ar leith i gcásanna nuair is coincheap atá ann a mbaintear feidhm níos leithne as. Ní mór idirdhealú soiléir a dhéanamh idir coincheapa ginearálta (e.g. ‘teach íochtarach parlaiminte’) agus coincheapa sainiúla ar samplaí iad de choincheap ginearálta (e.g. ‘Dáil Éireann’ in Éirinn, ‘*House of Commons*’ sa Ríocht Aontaithe nó ‘*Chambre des représentants*’ sa Fhrainc). Arís, bíodh iontráil amháin ann don choincheap ginearálta (más cuí) agus iontráil ar leith do gach coincheap sainiúil.

Ná dearmadtar gur bunachar téarmaíochta é IATE agus nach bhfuil feidhm foclóra ghinearálta ceaptha a bheith leis. Dá bhrí sin moltar sainmhínithe mionsonraithe as foinsí a bhaineann leis an réimse atá i gceist a úsáid de rogha ar shainmhínithe ginearálta. Seo thíos dhá shainmhíniú ar ‘gualach’ a léiríonn an difear idir an dá shaghas sin; sainmhíniú as ciclipéid eolaíochta is ea an chéad cheann agus sainmhíniú ginearálta as foclóir ginearálta is ea an dara ceann:

foirm eisíon charbóin a dhéantar trí ábhair ainmhíocha nó phlandúla (adhmaid den chuid is mó) a théamh gan aer a bheith i láthair chun na comhábhair sho-ghalaithe a ruaigeadh

adhmaid leathdhóite iompaithe ina ghual

### **Réimse: Definition Reference**

Féach an t-eolas faoi **Tagairtí** thíos.

Má thógtar an sainmhíniú scun scan as foinsé ar leith ní mór an fhoinsé sin a lua mar thagairt.

Má leasaítear an sainmhíniú ar bhealach ar bith (taobh amuigh d'ábhar iomarcach ar nós marc tagartha d'fhonóta a fhágáil ar lár) ní mór an tagairt seo a úsáid:

[aitheantóir<sup>1</sup>], bunaithe ar:<BR>[tagairt don bhunfhoinsé/do na bunfhoinsí] e.g.:

Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), bunaithe ar: 'folúsghlantóir'. Vicipéid, <http://ga.wikipedia.org/wiki/Fol%C3%BAsghlant%C3%B3ir> [13.5.2014]

Seo thíos samplaí de leasuithe is féidir a dhéanamh ar shainmhínithe agus a fhágann gur gá an nod 'bunaithe ar' a úsáid:

An téarma	An bun-sainmhíniú	An sainmhíniú arna leasú	An leasú
fáltais ó choireacht	aon mhaoin a fuarthas nó a glacadh aon tráth (roimh an Acht seo a rith nó dá éis) trí chion a dhéanamh nó mar thoradh ar chion a dhéanamh nó i dtaca leis an gcéanna	aon mhaoin a fuarthas nó a glacadh aon tráth trí chion a dhéanamh nó mar thoradh ar chion a dhéanamh nó i dtaca leis an gcéanna	'(roimh an Acht seo a rith nó dá éis)' fágtha ar lár
Triciónóis	is galar bia-iompartha neamhchoitianta é Triciónóis a tharlaíonn trí fheoil tearcbhruite nó neamhchócaráilte a ithe, go háirithe muiceoil, atá ionfhabhtaithe le larbhaí na péiste seadánaí Trichinella	galar bia-iompartha neamhchoitianta a tharlaíonn trí fheoil thearcbhruite nó neamhchócaráilte a ithe, go háirithe muiceoil, atá ionfhabhtaithe le larbhaí na péiste seadánaí Trichinella	'is...é Triciónóis' fágtha ar lár, (ní ceart an téarma féin a lua sa sainmhíniú) agus botún litrithe ceartaithe

Má tá an sainmhíniú bunaithe ar níos mó ná aon fhoinsé amháin, bain leas as liosta urchar:

COM-GA, bunaithe ar:<BR>

- Tagairt 1<BR>
- Tagairt 2

### **Réimse: Note**

Bain leas as an réimse seo le heolas breise faoin gcoincheap a lua a chuideodh le húsaideoirí IATE ach nach cuid den sainmhíniú é. Chun míreanna eolais ar leith a scaradh óna chéile, úsáid briseadh paraagraif: <p>.

Is féidir crostagairtí d'iontrálacha eile in IATE a chur sa sainmhíniú féin, más cuí, nó is féidir iad a lua sa réimse *Note*. Úsáid an fhormáid [ IATE:123456 ] (i.e. fág spás idir é agus na lúibíní cearnacha, ar a thosach agus ar a dheireadh) chun nasc leis an iontráil eile a chruthú.

<sup>1</sup> Ainm na hinstitiúide: fleiscín: cód teanga nó rannóige, e.g. COM-GA, Comhairle-GA, PE-GA, etc. de réir mar is cuí.

## **Leibhéal: *Term Level***

### **Réimse: *Term***

Scríobhtar ainmfhocail san uatha, ach amháin nuair is é is gnách an t-iolra a úsáid.

Sampla:

imeachtaí cúirte.

Ní úsáidtear an t-alt ach amháin nuair is cuid bhunriachtanach den téarma é.

Sampla:

an Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

Is annamh a chuirtear ceannlitir ar an alt in IATE, taobh amuigh d'fhoilseacháin, etc. Mar shampla: 'An tUltach'.

Sa chás fíor-annamh gur frása atá sa téarma ina bhfuil forainm, etc. faoi thionchar inscne, úsáidtear an leagan firinscneach mar rogha réamhshocraithe.

Sampla:

a bhfuil údarás aige síniú.

### **Réimse: *Term reference***

Féach an t-eolas faoi **Tagairtí** thíos.

Ní chuirtear sa réimse seo ach amháin an tagairt í féin; is é sin, ainm nó teideal na foinse ina bhfuarthas an téarma. Go hiondúil, is leor tagairt amháin. I gcásanna eisceachtúla cheadófaí péire ar a mhéad. Ná cuir aon athlua nó sliocht as an bhfoinse sa réimse seo.

### **Réimse: *Context***

Sa réimse seo is féidir sampla d'úsáid téarma a thabhairt. Sliocht as foilseachán a bhaineann leis an réimse atá i gceist. Sampla den téarma agus é á úsáid atá ann agus dá bhrí sin ní ceart eagarthóireacht de shaghas ar bith a dhéanamh ar an sliocht. Ná húsáid an sliocht má tá droch-Ghaeilge ann agus ná cuir '[sic]' i ndiaidh aon bhotúin atá ann ach chomh beag. Cuir i gcás, sa sampla úsáide thíos de 'finné inniúil', as an Acht Breithiúnais Choiriúla (Fianaise), 1924 ní ceart an teanga a nuachóiriú:

'Beidh gach duine a cúiseofar i gcionta, agus bean no fear an té a cúiseofar amhlaidh, pe'ca aca é, ina <b>fhínné inniúil</b> i gcóir na cosanta i ngach céim de sna himeachta, pe'ca ina aonar no i dteanta éinne eile a cúiseofar an té a cúiseofar amhlaidh'

Cuir comharthaí singile athfhriotail catacha i dtús agus i ndeireadh an tsleachta. Má tá athfhriotail laistigh den athfhriotail is ceart comharthaí dúbailte athfhriotail a úsáid chun é a mharcáil.

Is ceart cló trom (<b>téarma</b>) a úsáid don téarma sa réimse *Context*.

Is iondúil gur leor sampla comhthéacs amháin ach má mheasann tú go bhfuil gá le breis agus ceann, is mar seo is ceart iad a leagan amach:

<B>(1)</B><BR>

‘An chéad sampla comhthéacs ina bhfuil an <B>téarma</B>’

<HR>

<B>(2)</B><BR>

‘An dara sampla comhthéacs ina bhfuil an <B>téarma</B>’

### **Réimse: Context reference**

Féach an rannóg maidir le **Tagairtí** thíos.

Más ionann an cháipéis atá á lua agat agus an cháipéis atá in úsáid sa réimse *Term Reference*, is ceart an tagairt iomlán a thabhairt arís.

Maidir leis an ábhar don réimse *Context* a roghnú, is é an príomhchritéar gur ceart eolas úsáideach a bheith sa sliocht, nó léargas ar an gcaoi a n-úsáidtear an téarma; critéar tánaisteach is ea barántúlacht na foinse. Barántúlacht na foinse, sin é an príomhchritéar maidir lena bhfuil sa réimse *Term Reference* a roghnú. Má aimsíonn tú comhthéacs úsáideach i bhfoinse bharántúil ná bíodh drogall ort an tagairt chéanna a thabhairt faoi dhó. Má aimsíonn tú dhá fhoinse atá chomh hiontaofa lena chéile, roghnaigh an sampla ‘comhthéacs’ is fearr don réimse *Context* agus bain leas as an bhfoinse eile don réimse *Term Reference*.

## **Tagairtí**

### **Foinsí**

Déan do dhícheall foinsí barántúla a aimsiú agus tú ag cuardach ar líne; smaoinigh ar eagraíochtaí náisiúnta a phléann leis an réimse atá i gceist, mar shampla.

Tá saibhreas maith téarmaí sa reachtaíocht, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Is fiú freisin féachaint le dea-fhoinsí eile a aimsiú, bídís ina mbunsaothair Ghaeilge nó ina n-aistriúcháin. Níor mhiste a bheith aireach áfach faoi dhoiciméid atá róghinearálta agus a sheachnaíonn sainiúlacht ar eagla ‘nach dtuigfeadh daoine é’.

### **Tagairtí d’ábhar ar líne**

Más leagan leictreonach ar líne de dhoiciméad an fhoinse, seo mar is ceart an tagairt a leagan amach:

‘Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2009’, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, [www.epa.ie/pubs/repor...](http://www.epa.ie/pubs/repor...) [30.4.2014]

N.B.: Tugtar teideal an doiciméid agus ainm an údair más doiciméad aonair is féidir a íoslódáil atá i gceist seachas díreach leathanach gréasáin.

Is ceart dátaí rochtana a thabhairt idir lúibíní cearnacha san ord lá-mí-bliain, gan nialas tosaigh, e.g. ‘[13.2.2013]’. Cuir teideal an leathanaigh idir comharthaí singile athfhriotail catacha. Más ceannfhocal i gclípeid atá ann, e.g. Vicipéid/Wikipedia, bíodh an túslitir i gcás íochtair.

Más leathanach gréasáin an fhoinse, tabhair ainm an tsuímh agus URL an leathanaigh i gceist ar a lorg, mar seo:

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, [www.rsa.ie/ga-IE/RSA/...](http://www.rsa.ie/ga-IE/RSA/...) [20.10.2014]

Moltar gan a bheith ag brath rómhór ar Wikipedia/Vicipéid mar fhoinse téarmaíochta agus más féidir ar chor ar bith é an bhunfhoinse atá luaite ann a cheadú. Is fiú mar sin féin an nasc chuig Wikipedia/Vicipéid, maille leis an dáta mar a luaitear thuas, a thabhairt mar áis don úsáideoir.

Ní mór spás a chur roimh URL **agus** ina dhiaidh ionas go n-oibreoidh an nasc in IATE.

### **Tagairtí don reachtaíocht phríomha**

Seo mar is ceart tagairtí don reachtaíocht phríomha (conarthaí, coinbhinsiúin, comhaontuithe, etc.) a leagan amach:

Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 37(2), <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:C:2012:326:FULL:GA:PDF>

Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar aithint agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, Airteagal 23(1)(c), <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2007:339:0003:0041:GA:PDF>

Litrigh an focal ‘Airteagal’ ina iomláine agus a thúsleitir i gcás uachtair. Cuirtear uimhreacha na míreanna idir lúibíní i ndiaidh uimhir an airteagail agus gan spás idir an uimhir agus an lúibín tosaigh, e.g. ‘Airteagal 5(3)’.

### **Tagairtí don reachtaíocht thánaisteach**

Seo mar is ceart tagairtí don reachtaíocht thánaisteach (nó do reachtaíocht is iontamhail di ar an leibhéal náisiúnta) a leagan amach:

Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 lena leagtar síos scéim um rialú agus um fhorfheidhmiú is infheidhme sa limistéar atá cumhdaithe leis an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, CELEX:32010R1236/GA

Rialachán (AE) 2015/1145 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise (códú),  
CELEX:32015R1145/GA

An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2014,

(<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2014/a4414i.pdf>) [9.10.2015]

Bain amach eolas iomarcach ar nós dháta na hionstraime agus ainmneacha na n-institiúidí (e.g. 'ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle', 'téacs atá ábhartha maidir le LEE'). Féach gur ceart camóg a chur roimh an hipearnasc CELEX.

**Naisc CELEX a chruthú:**

Chun hipearnasc chuig doiciméad ar Eur-Lex a chruthú, scríobhtar CELEX: agus díreach ina dhiaidh sin cuirtear uimhir an doiciméid, tulsais agus an cód teanga e.g. 'CELEX:32014R0661/GA'

Ní mór spás a bheith roimh an hipearnasc agus ina dhiaidh le go n-oibreoidh sé.

**Tagairtí do leabhair**

Is éard atá sa tagairt:

- (i) sloinne an údair agus iniseal nó céadainm, gan teidil ar nós 'Dr' agus 'Ollamh' (más eagarthóir atá ann cuir '(eag.)' i ndiaidh an ainm);
- (ii) teideal an tsaothair i gcló iodálach;
- (iii) an foilsitheoir, áit a fhoilsithe, agus bliain a fhoilsithe;
- (iv) uimhir an leathanaigh.

Sampla:

Ó Saoithiúil, A., agus Ní Éirimiúil, B., *An Eoraip agus an Comhshaol*, Daltún, M. et al. a d'aistrigh, An Chlóchuideachta, Doire, 2009, lch. 431.

Tabhair faoi deara i gcás foinsí aibítreacha, e.g. foclóirí agus ciclipéidí, nach ceart uimhir leathanaigh a thabhairt ach gur ceart an ceannfocal a lua sa tagairt. I gcás foinsí coitianta tagartha is féidir an t-eagarthóir agus an áit foilsithe a fhágáil ar lár go hiomlán.

Más leagan ar líne den saothar a úsáideadh, is ceart URL a chur i ndeireadh na tagairte mar aon leis an dáta a ceadáíodh an saothar (i lúibíní cearnacha).

## Tagairtí d'fhoilseacháin de chineálacha éagsúla

Is éard atá sa tagairt:

- (i) teideal an ailt (idir comharthaí singile athfhriotail catacha), nuair is ábhartha;
- (ii) teideal an tréimhseacháin nó teideal na sraithe (i gcló iodálach);
- (iii) an uimhir, an dáta nó an tréimhsiúlacht;
- (iv) foilsitheoir, an áit a bhfuil an foilsitheoir lonnaithe, bliain a fhoilsithe.

Sampla:

'Gníomhaíochtaí an Aontais sa bhliain 2009', *Geilleagar na hEorpa*, Uimh. 13, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2009.

## Rialacha a bhaineann leis an togra téarmeolaíochta i gcomhar le Fiontar

### Cur le hiontráil nó nuashonrú a dhéanamh uirthi

1. Meabhraítear nach ceart téarma a athrú ach más léir go bhfuil an seantéarma easnamhach nó nach bhfuil sé slán.

2. **Téarmaí lena ngabhann tagairt chaighdeánach [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie)**, 'An bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge (tionscadal Lex), <http://www.tearma.ie>' **(an tagairt chaighdeánach) agus nóta caighdeánach TL** 'Téarmaí a bhfuil tagairt do thionscadal Lex ag gabháil leo, chuir Fiontar ar fáil do IATE iad' **nó** 'Téarmaí a bhfuil tagairt do thionscadal Lex ag gabháil leo, tá siad faofa ag an gCoiste Téarmaíochta agus chuir Fiontar ar fáil iad do IATE' **(an nóta caighdeánach TL):**

a. Féadfaidh tú tagairt eile a chur leis an tagairt chaighdeánach má thograíonn tú é, ach fág ann an tagairt chaighdeánach agus an nóta caighdeánach TL. Féadfaidh tú ábhar eile a chur leis, e.g., comhthéacs, tagairt an chomhthéacs, sainmhíniú.

b. Más mian leat téarma a athrú nó téarma eile a chur ina áit, is ceart duit an tagairt chaighdeánach agus an nóta caighdeánach TL a bhaint den iontráil agus tagairt de do chuid féin a chur isteach, de réir na dtreoracha atá i Lámhleabhar IATE.

c. Mura gá téarma nua nó téarma leasaithe a chur faoi bhráid Fiontar lena fhaomhadh, ní mór duit an t-eolas a thugtar faoin réimse 'Collections' a athrú ar an iontráil. Tá treoracha dó seo i Roinn 3.1.8 de Lámhleabhar IATE. Bain amach an tagairt do 'Focal Irish project' agus/nó 'Téarma Irish project 2015' and cuir isteach 'Excluded from Focal Irish project'.

### 3. **Téarmaí nach bhfuil an tagairt chaighdeánach ag gabháil leo:**

Lean na rialacha a leagtar amach i lámhleabhar IATE.



Tabhair faoi deara: más sa bhunachar sonraí [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) a d'aimsigh tú an téarma atá á chur isteach agat, cuir isteach tagairt don bhunachar sonraí sin agus sonraigh an dáta a cheadaigh tú an bunachar sonraí ach ná húsáid an tagairt chaighdeánach agus ná cuir isteach an nóta caighdeánach TL.

Má athraíonn tú téarma nó má leasaíonn tú é agus nach gá an téarma nua nó an téarma leasaithe a chur faoi bhráid Fiontar lena fhaomhadh, ní mór duit '*Excluded from Focal Irish project*' a chur isteach faoin réimse '*Collections*' ar an iontráil. Tá treoracha dó seo i Roinn 3.1.8 de Lámhleabhar IATE.

### **Cumaisc (*merges*)**

Má dhéanann tú cumasc ar iontráil a bhfuil an tagairt chaighdeánach ag gabháil léi, déan cumasc freisin ar na tagairtí seo a leanas sa réimse '*Collections*', má tá a leithéidí ag gabháil leis an iontráil atá le scríosadh:

- *Focal Irish project*
- *Téarma Irish project 2015*

Tabhair faoi deara nach ceart aon tagairtí eile do bhailiúcháin Ghaeilge a chumasc.

### **Measúnú ar an téarma (*Term evaluation*)**

I gcás na n-iontrálacha sin a bhfuil breis agus téarma amháin Gaeilge iontu, moltar measúnú a dhéanamh ar an téarma, más féidir, (*preferred, admitted, deprecated, obsolete*) le gur fusa don úsáideoir rogha a dhéanamh idir na comhchiallaigh.